AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Imlitir 0042/2012

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Iar-Bhunscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheachta Aitheanta

SOCRUITHE DO SHAOIRE BHREOITEACHTA FHÉIN-DHEIMHNITHE DO RÚNAITHE AGUS FEIGHLITHE I MBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA

Imlitir 42/2012 leasaithe is ea í seo, chun sonraí teagmhála a bhí mícheart a leasú, agus tagann sí in ionad an bhunleagain a foilsíodh ar 21 Samhain 2012

Réamhrá

1. Tá moltaí déanta ag an gCúirt Oibreachais maidir le socruithe do shaoire bhreoiteachta sa tseirbhís phoiblí. Maidir le saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe (nó neamhdheimhnithe), mhol an Chúirt Oibreachais "go mbronnfaí seacht lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht thar tréimhse rollach dhá bhliain". Is é atá mar aidhm ag an Imlitir seo ná an moladh sin a chur i bhfeidhm.

2. Tá sé molta ag an gCúirt Oibreachais go mbeadh bogadh céimnithe ann chuig na socruithe nua. Ar dtús ceadófar 7 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht sa tréimhse ó 1 Eanáir 2012 go dtí 31 Nollaig 2013.

3. I ndiaidh an ama sin beidh tréimhse rollach phearsanta 2 bhliain ag gach fostaí ag comhaireamh siar ó dháta na saoire breoiteachta féin-dheimhnithe is déanaí acu. Is é an líon is mó de laethanta saoire breoiteachta féin-dheimhnithe ar íocaíocht a cheadófar sa tréimhse 2 bhliain sin ná 7.

4. Baineann na socruithe seo leis na rúnaithe agus feidhlithe uile íoctha ag an Roinn, atá fostaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a bhfuil teidlíocht acu cheana do shaoire bhreoiteachta ar íocaíocht agus a ghlacann saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe (neamhdheimhnithe) ón dáta feidhmithe 1 Samhain 2012 (agus an dáta sin san áireamh).

Leasú ar Imlitreacha atá ann cheana

5. Gabhann na socruithe nua seo in ionad na n-imlitreacha ar fad a leagann amach na téarmaí do shaoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe (neamhdheimhnithe) do rúnaithe agus d'fheidhlithe íoctha ag an Roinn.

   Tugtar samplaí d'fhorfheidhmiú na socruithe nua san aguisín iniata.

Socruithe do Shaoire Bhreoiteachta Dheimhnithe

6. Maidir leis na socruithe do shaoire bhreoiteachta dheimhnithe a luaitear in LCR 20335 agus atá le tosú le feidhm ón 1 Eanáir 2014, beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna i dteagmháil leis na húdaráis bhainistíochta chuí agus leis na ceardchumainn lena mbaineann in am trátha.

Fógra

7. Déan cinnte, led' thoil, go dtugtar cóipeanna den imlitir seo do bhaill uilig an Bhoird Bhainistíochta agus go gcuirtear an Fhoireann ar fad atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad siúd atá ar saoire neamhláithreachais, ar an eolas faoi ábhar na himlitreach.

8. Is féidir teacht ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Oideachais – Sosanna/Saoire – Saoire Bhreoiteachta agus ba chóir gach fiosrú a chur le r-phost chuig: ntspayroll@education.gov.ie

Padraig Maloney
Párolla
21 Samhain 2012

Aguisín – Socruithe Nua a Chur i bhFeidhm

Sampla 1
Ar 1 Samhain 2012 lorgaíonn fostaí lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Bhí 4 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí sa tréimhse 1 Eanáir go 1 Samhain 2012. Mar sin, is féidir rochtain a thabhairt don bhfostaí ar lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar 1 Samhain agus dá bhrí sin beidh iomlán de 5 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe tógtha.

Sampla 2
Ar 3 Nollaig 2012 lorgaíonn fostaí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Bhí 6 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí sa tréimhse 1 Eanáir 2012 go 3 Nollaig 2012. Mar sin ní féidir rochtain a thabhairt don bhfostaí ach ar lá amháin saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Neamhláithreacht neamhíoctha is ea an lá eile.

Sampla 3
Ar 3 Eanáir 2013 lorgaíonn fostaí lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Bhí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí sa tréimhse 1 Eanáir 2012 go 3 Eanáir 2013 agus, mar sin, is féidir rochtain a thabhairt ar saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht.

Sampla 4
Ar 24 Aibreán 2013 lorgaíonn fostaí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Sa tréimhse 16 mhí sin bhí 8 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí, 7 ar íocaíocht agus 1 neamhláithreacht neamhíoctha. Ní féidir tuilleadh rochtana a bheith ann ar saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ar íocaíocht toisc go bhfuil an t-uasmhéid de 7 lá atá ceadaithe tógtha cheana féin.

Sampla 5
Ar 30 Meitheamh 2013 lorgaíonn fostaí lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar go 1 Eanáir 2012. Sa tréimhse sin bhí 6 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe ag an bhfostaí. Is féidir rochtain a bhronnadh ar lá amháin saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe.

Sampla 6
Ar 4 Eanáir 2014, .i. nuair atá tréimhse iomlán 24 mí imithe ó 1 Eanáir 2012, lorgaíonn fostaí 2 lá saoire bhreoiteachta fhéin-dheimhnithe. Scrúdaíonn an fostóir an taifead saoire bhreoiteachta ag comhaireamh siar ar feadh tréimhse 24 mí ón dáta deiridh neamhláithreachta, sa chás seo 4 Eanáir 2014. Beidh an comhaireamh siar chomh fada le 5 Eanáir 2012.